Bí bródúil as do theanga

An Fhuinneog Ghaelach

Cumann Gaeilge na hAstráile

Earrach 2025
1-09-2025

Cuid de Theaghlach Domhanda na Gaeilge .

Fáilte go heagrán an Earraigh den nuachtlitir - An Fhuinneog Ghaelach. Táimid leath bhealaigh tríd an mbliain agus tá na ranganna ag dul go maith.
Tá seacht mic léinn is fiche an-shláintiúil ag freastal ar an mbhunrang agus á múineadh trí Zoom nó duine le duine i Leabharlann Kathleen Syme

Tá freastal maith ar na grúpaí ranganna idirmheánacha agus ardleibhéil, agus tá an grúpa beag i Bright fós ag déanamh go maith.

Buíochas le gach duine – go háirithe na múinteoirí agus na mic léinn as na ranganna a choinneáil ag dul chomh maith sin.

Buíochas speisialta le Megan Nic Chárthaigh, múinteoir na bunscoile i Kathleen Syme, a chríochnaigh ag múineadh leis an gCumann i mí Eanáir, agus le Ally O'Brien, múinteoir do bhunrang i

Tradfest 2025 I mBéal Feirste

Kathleen Syme, a chríochnaigh ag múineadh i mí Lúnasa agus atá ag filleadh ar Éirinn. Guímuid ádh mór agus sláinte orthu don todhchaí.

Agus buíochas le Niamh Nic Uidhir, múinteoir do bhunrang ar Zoom, Seán Ó Séaghdha, Margaret Harmon agus Roy Kennedy as a tiomantas leanúnach do na ranganna.

Táim díreach tar éis filleadh ó Éirinn tar éis cuairt cúig seachtaine i mí an Mheithimh agus i mí Iúil. Bhí an aimsir thar a bheith te ach ní raibh muid ag gearán.

Chaith mé an chuid is mó de mo chuid ama i gContae Dhoire, i gContae Aontroma, i mBéal Feirste agus i gCathair Dhoire ag tabhairt cuairte ar theaghlach agus ar chairde.

Is iontach an rud é a thuairisciú go bhfuil cultúr, cluichí Gaelacha, ceol agus teanga na hÉireann ag dul ó neart go neart i dtuaisceart na hÉireann.

Chaith mé tamall i nGaeltacht An Carn i dTuaisceart Dhoire.

Bhí sé spreagúil na daoine óga a fheiceáil ag freastal ar scoileanna samhraidh, agus ag imirt peil Ghaelach agus iománaíocht agus camógaíocht agus ag glacadh

San Eagrán Seo..

From our committee	*1*
Dominic writes	*2-3*
AGM Report	*4-5*
Katie Taylor	*6*
AI sa Gaeltacht	*7*

See our website for latest news about classes **gaeilge.org.au**

Cuid de Theaghlach Domhanda na Gaeilge

páirte i ngníomhaíochtaí éagsúla an tsamhraidh.

Bhí bród ar gach duine a bheith ag caitheamh dathanna a gclub Gaelacha agus ag labhairt Gaeilge.

Ar ndóigh, bhí cúrsaí dúshlánach don Gaeilge sna sé chontae agus go leor freasúra ó chodanna áirithe den phobal.

Mar sin féin, níor chuir sé seo bac ar dhí-ograiseoirí teanga a d'oibrigh gan stad chun athrú a bhaint amach.

Is gnách anois comharthaí dátheangacha a fheiceáil ar na sráideanna agus in áiseanna agus spásanna poiblí tábhachtacha ar fud an tuaiscirt.

Is creidiúint é do na daoine sin ó chodanna éagsúla den phobal as an iarracht, an tiomantas agus an obair chrua a rinne siad i gcur chun cinn na teanga i dtréimhsí dúshlánacha.

Le linn míonna an tsamhraidh in Éirinn, tionóladh réamhchéimeanna na bhfleadhanna ar fud na tíre agus, chríochnaigh siad le Fleadh Uile-Éireann i Loch Garman.

Ba léiriú cumhachtach iad an ceol, an damhsa, na haithrisí agus an t-amhránaíocht ar gach rud atá maith faoi chultúr na hÉireann.

Tá Béal Feirste roghnaithe mar shuíomh do Fhleadh Uile-Éireann in 2026 agus tá an-spreagadh ann go dtabharfaidh sé go leor buntáistí - sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíocha - do gach pobal sa tuaisceart.

Go deimhin, bhí ceann de na féilte is mó riamh (TradFest) ar siúl i mBéal Feirste go luath i mí Lúnasa, le mórán ceardlann i gceol, damhsa, stair, polaitíocht, teanga, cheisteanna sóisialta, ar siúl in áiteanna éagsúla ar fud na cathrach.

Bunaithe ar thaithí Tradfest Bhéal Feirste, is cinnte go n-éireoidh leis an Fleadh Uile-Éireann.

Is iontach an rud é an Gaeilge a fheiceáil ag fás i dtuaisceart na hÉireann agus is inspioráid é dúinn ar an taobh eile den domhan agus muid ar an eolas gur cuid de theaghlach domhanda na Gaeilge muid.

Dominic writes

Welcome to the spring edition of the newsletter – The Irish Window

We are half-way through the year and the classes are going well.

A very healthy 27 students are attending the Beginner's classes and being taught through Zoom or face to face at the Kathleen Syme Library.

The intermediate and advanced classes groups are well attended, and the small group in Bright is still doing well.

Thanks to everybody – particularly the teachers and students for keeping the classes going so well.

A special thanks to Megan Nic Chárthaigh teacher of the primary class at Kathleen Syme who finished teaching with the Cumann in January and to Ally O'Brien teacher of the primary class at Kathleen Syme who finished teaching in August and is returning to Ireland. We wish them good luck and good health for the future.

And thanks to Niamh Nic Uidhir teacher of primary class on Zoom, Seán Ó Séaghdha, Margaret Harmon and Roy Kennedy for their continuing commitment to the classes.I have just returned from Ireland after a five week visit in June and July. The weather was unusually hot but we were not complaining.

I spent most of my time in Co. Derry, Co Antrim, Belfast and Derry City visiting family and friends.

It is great to report that Irish culture, Gaelic games, music and language is going from strength to strength in the north of Ireland.

I spent some time in An Carn Gaeltacht area in North Derry.

It was heartening to see the young people attending summer schools, and playing

Gaelic football and hurling and camogie and taking part in the various summer activities.

All were proud to be wearing their Gaelic club colours and speaking Irish.

Of course things have been challenging for the Irish language in the six counties with a lot of opposition from certain parts of the community.

However this has not deterred language enthusiasts who have worked tirelessly to get change.

It is now commonplace to see bilingual signs on the streets and in important public facilities and spaces throughout the north.

It is a credit to those people from different parts of the community for the effort and commitment and hard work in the promotion of the language in somewhat challenging times.

During the summer months in Ireland the preliminary stages of fleadhanna were held across the country culminating in the All-Ireland Fleadh in Wexford.

The music, dancing, recitations and singing were powerful exhibitions of everything that is good about Irish culture.

Belfast has been chosen as the location for the All-Ireland Fleadh In 2026 and there is great excitement that it will bring many benefits - social, cultural and economic - to all communities in the north.

From our editorial team

.....for those of you who follow these things, Microsoft have announced that MS-Publisher will be retired as of October 13th 2025.

This is of concern to us because we have used MS-Publisher ever since issue one of our Cumann Nuachtlitir and now we'll have to find a replacement.

Suggestions can be made to any committee member, and we will try to get something sorted in time for our next issue at start of December.

Indeed Belfast held one of the biggest festivals (TradFest) ever in early August, with dozens of workshops in music, dance, history, politics, language, social issues, running in different locations across the city.

Based on the experience of Belfast Tradfest it is certain that the All-Ireland Fleadh will be a success.

It is great to see the Irish language thriving in the north of Ireland and is an inspiration for us on the other side of the world knowing that we are part of the global Irish Language family.

Cruinniú Cinn Bhliana

Tionóladh Cruinniú Cinn Bhliana an Chumainn Déardaoin an 25ú Meán Fómhair trí Zoom. Bhí an cruinniú an-rathúil. Bhí ceithre bhall déag i láthair.

Bhí an comhalta fadtréimhseach Val Noone sa chathaoir agus chuir sé fáilte roimh gach duine chuig an gcruinniú agus thug sé aitheantas do na húinéirí traidisiúnta ar na tailte ar a raibh muid ag bualadh le chéile.

Ba mhaith slua chomh mór agus chomh díograiseach sin a fheiceáil. Ghlac gach duine páirt sna díospóireachtaí ar na saincheisteanna iomadúla atá roimh an gCumann.

Is dea-scéal go bhfuil spéis mhór sa teanga agus go leor ball nua ag clárú sna ranganna.

Tá céad is naoi déag ball ag an gCumann anois agus daichead go caoga ag freastal ar ranganna go rialta.

Tá cúig rang ann san iomlán:

— dhá Bunranganna
— rang amháin do Thosaitheoirí Ardleibhéil
— rang idirmheánach amháin
— rang amháin ardleibhéil

Agus tá Roy Kennedy ag múineadh ranga beag timpeall cheantar Wodonga.

Tá brú curtha ar ranganna agus ar mhúinteoirí mar gheall ar an méadú ar líon na ndaltaí áfach.

Le cuid de na múinteoirí ag filleadh ar Éirinn, tá Seán Ó Séaghdha ag glacadh leis an ualach oibre breise agus thug an cruinniú aitheantas don obair iontach atá ar siúl aige.

Pléadh go leor saincheisteanna:

— mic léinn nua gan aon eolas ar an nGaeilge ag dul isteach i ranganna seanbhunaithe agus ag streachailt
— Riachtanas tacaíocht a thabhairt do mhic léinn úrnua chun cabhrú leo socrú isteach
— Gá le hacmhainní cuí le húsáid lasmuigh den seomra ranga
— Riachtanas le curaclam struchtúrtha

Phléigh an cruinniú freisin an fhéidearthacht Gaeltacht Melbourne a reáchtáil arís i samhradh na bliana 2027.

Pléifidh an Coiste nua na saincheisteanna seo go léir agus go leor eile nach bhfuil tuairiscithe anseo sna míonna amach romhainn.

Thuairiscigh an Cisteoir, Roy Kennedy, go raibh an Cumann i riocht airgeadais an-mhaith.

Toghadh coiste nua agus leathnaithe go mór.

Toghadh Seán Ó Séaghdha mar Uachtarán, Anita Wu mar Leas-Uachtarán, Dominic McCann mar Rúnaí, Roy Kennedy mar Chisteoir agus mar gnáthbhaill an Choiste, Val Noone, Allana Bryant, James Barry, Siahn Davis, Peter Dickinson, Ashley Cauchi, Richard McConville.

Dhún Val an cruinniú agus ghabh sé buíochas le gach duine a bhí i láthair agus leo siúd a thoiligh páirt a ghlacadh sa Choiste.

Is maith an rud é go bhfuil baill nua úra agus níos óige páirteach sa Choiste, ag tabhairt smaointe is fuinnimh nua don Chumann.

Táimid go léir ag tnúth leis an mbliain spreagúil dhinimiciúil atá romhainn.

The Annual General Meeting for the Cumann was held on Thursday 25th September through Zoom.

The meeting was very successful. Fourteen members attended.

Long time member Val Noone was in the chair and welcomed everyone to the meeting and acknowledged the traditional owners of the lands on which we were meeting.

It was good to see such a good and enthusiastic attendance. Everyone participated in the discussions on the many issues facing the Cumann.

The good news is that there has been a great interest in the language with many new members enrolling in the classes.

The Cumann now has a total one hundred and nineteen members, with forty to fifty regularly attending classes.

There are 5 classes in total:

— two Beginners classes

— one Advanced Beginners class

— one Intermediate class
— one Advanced class

And Roy Kennedy facilitating a small class around Wodonga area.

Increasing numbers has however put pressure on classes and on teachers.

With a few of the teachers returning to Ireland Seán Ó Séaghdha has been picking up the extra workload and the meeting acknowledged the great work that he has been doing.

Many issues were discussed:

— new students with no knowledge of Irish joining established classes and struggling
— need for support for brand new students with perhaps some sort of introductory support program to help people settle in
— need for appropriate resources for use outside the classroom
— need for a structured curriculum

The meeting also considered the possibility of running Gaeltacht Melbourne again in the summer of 2017.

All of these issues and many others not reported here will be considered by the new Committee in the coming months.

The Treasurer Roy Kennedy reported that the Cumann was in a very healthy financial position.

A new and greatly expanded committee was elected.

The meeting elected Seán Ó Séaghdha as President, Anita Wu Vice-President, Dominic McCann as Secretary, Roy Kennedy as Treasurer and a general committee of Val Noone, Allana Bryant, James Barry, Siahn Davis, Peter Dickinson, Ashley Cauchi, Richard McConville.

Val closed the meeting and thanked all who attended and to those who agreed to join the Committee.

It is good to have new, fresh and younger members involved in the Committee and bringing new ideas and energy to the Cumann.

We are all looking forward to an exciting and dynamic year ahead.We are all looking forward to an exciting and dynamic year ahead.

Sos glactha ag Katie Taylor ach níl sí ar scor

Chuaigh Katie Taylor ar Instagram le déanaí chun a céad fhocail a roinnt ó shocraigh sí sos a ghlacadh ón dornálaíocht.

D'fhógair Comhairle Dornálaíochta an Domhain (WBC) go mbeadh Taylor ag glacadh sos chun 'gnóthaí pearsanta' a réiteach, agus gur ainmníodh í mar 'Seaimpín sa Sos' – téarma a úsáidtear nuair nach féidir le seaimpín a crios a chosaint ar chúis ar leith, de ghnáth gortú.

Cé gur sos atá i gceist, léiríonn sé an meas atá ag an WBC ar Taylor go bhfuil an teideal seo bronnta uirthi.

Tá sí tar éis a crios a chosaint le sé bliana anuas, an uair dheireanach i gcoinne Amanda Serrano i Madison Square Garden, áit ar throid sí mar phríomhimeacht don dara huair.

Bhí an WBC ag iarraidh ar Taylor troid in aghaidh dúshlán éigeantach Chantelle Cameron, rud a bheadh ina tríú troid eatarthu.

Ach dúirt Taylor nach raibh suim aici sa troid sin, ag rá gur 'thug sí níos mó airgid do Chantelle ná mar a thuill sí'.

Anois, beidh Cameron ag troid in aghaidh Sandy Ryan don chrios WBC go luath.

Chuir Taylor a céad ráiteas ar Instagram ó d'fhógair an WBC an scéal, ag: 'Táim fíorbhuíoch de @wbcmoro agus @wbcboxing as an gcinneadh mé a cheapadh mar Sheaimpín WBC Emeritus, agus táim bródúil gur Seaimpín Domhanda WBC a bhí ionam le breis is 6 bliana anois.

'Táim ag baint taitnimh as sos gairid agus am le mo mhuintir, ach táim réidh i gcónaí don chéad dúshlán eile!'

Tugann an ráiteas sin le fios nach bhfuil Taylor ag smaoineamh ar scor go fóill.

Ní féidir aon locht a chur uirthi dá roghnódh sí é, ós rud é go bhfuil sí 37 bliain d'aois agus go bhfuil sí tar éis beagnach gach rud is féidir a bhaint amach sa dornálaíocht, go háirithe tar éis a tríú troid le Serrano.

Tá Údarás na Gaeltacht ag eagrú ceardlanna foghlama praiticiúla ar fud na tíre chun cabhrú le gnólachtaí intleacht shaorga (AI) a úsáid.

Tá CREW (Creative Enterprise West) agus Údarás na Gaeltachta ag obair le chéile chun an intleacht shaorga (AI) a chuir ar fáil do lucht gnó.

Tá clár nua acu atá bunaithe ar phíolóit a d'oibrigh go maith an bhliain seo caite agus atá ag díriú ar intleacht shaorga (AI) agus ar smaoineamh deartha a nascadh le chéile chun nuálaíocht agus fás a chothú.

Trí cheardlanna praiticiúla foghlaimeoidh daoine cén chaoi intleacht shaorga (AI) a úsáid mar chomrádaí cruthaitheach a chabhróidh leo fadhbanna a réiteach, deiseanna nua a aimsiú, agus an chaoi a ndéanann siad gnó a athrú.

Bhí an chéad ceann ar siúl i mBéal an Mhuirthead ar 23 Meán Fómhair, ach tá trí cinn le teacht.

Na Forbacha – 8 Deireadh Fómhair, 2025

An Daingean – 14 Deireadh Fómhair, 2025

Gaoth Dobhair – 18 Samhain, 2025

Tabharfaidh gach ceardlann uirlisí praiticiúla agus eolas úsáideach do lucht gnó, agus ina dhiaidh sin beidh seisiúin phearsanta ann le cabhrú leo intleacht shaorga (AI) a úsáid go díreach ina gcuid oibre chun fadhbanna a réiteach agus rudaí nua a chruthú.

Dúirt Ainslie Peters, bainisteoir an Chláir ag CREW: 'Ní do chuideachtaí móra teicneolaíochta amháin atá AI ann, ach d'aon duine atá ag iarraidh smaoineamh níos fearr, oibriú níos cliste, agus rud éigin luachmhar nua a chruthú dá gcuid custaiméirí,

'Taispeánfaidh na ceardlanna seo cén chaoi is féidir le hAI agus smaoineamh deartha dul le chéile chun smaointe nua agus deiseanna gnó fíor a chruthú.'

Dúirt Tomás Ó Síocháin, Príomhfheidhmeannach, Údarás na Gaeltachta: 'Tugann an chomhpháirtíocht seo deis iontach dúinn tacaíocht phraiticiúil agus éifeachtach a chur ar fáil d'fhiontraithe agus do ghnólachtaí na Gaeltachta.

'Tá sé mar aidhm againn go bhfeicfeadh an lucht gnó an AI mar uirlis chumhachtach a chabhróidh leo a bheith níos nuálaí agus fás inbhuanaithe a bhaint amach.'

Tá tuilleadh eolais ar fáil ar: www.crewdigital.ie



Cumann Gaeilge na hAstráile Teo

IRISH LANGUAGE ASSOCIATION OF AUSTRALIA INC.

Cumann Gaeilge na hAstráile, the Irish Language Association of Australia is a not-for-profit organisation run entirely by volunteer tutors and a voluntary committee of management. The Cumann is non-political and non-sectarian. Its aim is to promote the Irish language as a second language within the Australian community, and to form networks with other cultural, heritage and Celtic language groups.

Formally established back in 1992, the ILAA offers structured weekly language classes to students of all ages, nationalities, and walks of life, across a range of levels — absolute beginners, basic, intermediate, advanced — as well as the opportunity to practice and converse together in a supportive environment.

Members receive a quarterly newsletter; access to the library; and also enjoy weekly singing and informal conversation sessions; as well as participation in social events and residential language schools.

Irish Language Association of Australia Inc., P.O. Box 594 North Melbourne VIC, 3051

This form can be used for membership renewal or to notify a change of details.
New members should use the form available on our website www.gaeilge.org.au

[ ] Renewal [ ] Update

Sloinne ..... (surname)
Céad ainm ..... (first name)
Seoladh ..... (address)
.....

Guthán bh) ..... (phone)
ah) .....
Fón ..... (mobile)
Ríomhphost ..... (email)

Membership fee is $45 per annum and due each January. Class donation is $5 per week.